# JCToday

Eisiúint 21

Deireadh Fómhair 2020

***Fáilte*** go dtí an 21ú heagrán de *JCToday.*

Tá an t-eagrán seo líonta le heolas a thabharfaidh tú cothrom le dáta le gach rud a bhaineann leis an tsraith shóisearach.

Agus *JCToday* á fhoilsiú*,* táimid fós i lár na paindéime a raibh tionchar aici ar an oiread gnéithe dár saol gairmiúil agus pearsanta. Mar fhreagra ar an timpeallacht seo, tá an soláthar a dhéanaimid d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach na sraithe sóisearaí tar éis bogadh ar líne go ceann tamaillín. Tugann roinnt de na tacaí seo tonn nua d'acmhainní FGL don tsraith shóisearach lena n-áirítear tacaí athchruthaithe a bhreathnaigh agus a d'íoslódáil go leor múinteoirí. Bíonn ár gcuid FGL bunaithe ar riachtanais na múinteoirí agus na gceannairí scoile agus déantar próiseas suntasach dearbhú cáilíochta uirthi. Táimid muiníneach go mbainfidh tú tairbhe phearsanta agus ghairmiúil as na tacaí seo agus as cinn eile amach anseo sna seachtainí agus sna míonna atá amach romhainn.

Mar is gnách, cuirimid fáilte roimh aiseolas ag info@jct.ie.




## San Eagrán seo

Seimineáir Ghréasáin
***Leathanach 6***

Podchraoltaí
***Leathanach 7***

Na hEalaíona in SS
***Leathanach 8***

Ceannaireacht
***Leathanach 12***

## Pointí spéise

- Tacaíocht don Dara hÁbhar Teagaisc.
- Tacaíocht don Scoil Uile.
- Straitéisí Teagaisc
- Ag cabhrú le seomra ranga le scaradh


## Tacaí Cur Chun Feidhme do 2020 / 2021

Tá an SSM ag pleanáil faoi láthair dár gclár seachadta FGL do 2020 / 2021. Chun cumarsáid ríomhphoist idir SSM agus múinteoirí sa seomra ranga a chinntiú, ba cheart do gach scoil sonraí múinteoirí ranga a nuashonrú anois, lena n-áirítear seoltaí ríomhphoist scoile do gach múinteoir ar **www.jctregistration.ie.**

## Treoirlínte Leasaithe do MRB 1 Gnó á Chur i nGníomh do 2020 / 21

### (Scoláirí an 2ú Bliain)

I bhfianaise na ndúshlán a bhaineann le Covid-19 chun MRB 1 grúpbhunaithe a éascú, d'fhoilsigh an CNCM treoirlínte MRB 1 leasaithe don bhliain seo. San MRB 1 nua seo 'Gnó á Chur i nGníomh' a mheasfar ar bhonn aonair tiomsóidh scoláirí tuairisc le linn na dtrí seachtaine.



# Tacaíocht don Dara hÁbhar Teagaisc

Is féidir le múinteoirí a mhúineann an dara hábhar agus nach raibh in ann freastal ar cheardlann san ábhar sin le linn na scoilbhliana 2019 / 2020, rochtain a fháil anois ar na cuir i láthair agus ar na hábhair ghaolmhara ar líne, trí www.jct.ie.


Cuireadh na ceardlanna athdhéanta seo ar fáil go luath i mí Mheán Fómhair agus d'fhéach go leor múinteoirí orthu agus beidh siad ina dtacaíocht leanúnach do mhúinteoirí na Sraithe Sóisearaí amach anseo.

Mar gheall ar impleachtaí phaindéim Covid-19, tagann na ceardlanna ar líne seo in ionad an FGL traidisiúnta duine le duine a bhí le bheith á gcur ar siúl in Ionaid Oideachais ag an am seo. D'oibrigh ár bhfoirne ábhair chun an t-ábhar a dhéanamh chomh soláimhsithe agus is féidir sa timpeallacht ar líne agus tugaimid cuireadh duit tairbhe a bhaint astu. Soláthraíonn an rannán seo liosta comhthiomsaithe de na ceardlanna uile. Cliceáil ar na naisc thíos chun rochtain a fháil ar cheardlanna agus ar chuir i láthair ar leith.

Is féidir achoimre ar na Tacaí uile don Dara hÁbhar Teagaisc, lena n-áirítear cuir síos ar a bhfuil iontu, agus acmhainní inphriontáilte / in-íoslódáilte, a fháil anseo.

## Applied Technology

Applied Technology Workshop Presentations and Resources




## Business Studies

Business Studies Workshop Presentations and Resources




## Classics

Classics Workshop Presentations and Resources




# Tacaíocht don Dara hÁbhar Teagaisc




## Engineering

Engineering Workshop Presentations and Resources




## English

English Workshop Presentations and Resources




## Gaeilge


T1 Workshop Presentations and Resources

T2 Workshop Presentations and Resources





## Graphics

Graphics Workshop Presentations and Resources





## Wood Technology

Wood Technology Workshop Presentations and Resources




# Tacaíocht don Dara hÁbhar Teagaisc




## Geography

Graphics Workshop Presentations and Resources





## History

History Workshop Presentations and Resources





## Home Economics

Home Economics Workshop Presentations and Resources




## Maths

Mathematics Workshop Presentations and Resources




## Modern Foreign Languages

MFL Workshop Presentations and Resources



# Tacaíocht don Dara hÁbhar Teagaisc


## Music

Music Workshop Presentations and Resources





## Physical Education

PE Workshop Presentations and Resources





## Religious Education

RE Workshop Presentations and Resources




## Science

Science Workshop Presentations and Resources




## Visual Art


Visual Art Workshop Presentations and Resources




**Tuairisc an Phríomhscrúdaitheora**

D'fhoilsigh Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) Tuairiscí an Phríomhscrúdaitheora le déanaí don Staidéar Gnó agus don Eolaíocht i Scrúdú na Sraithe Sóisearaí 2019

Cliceáil ar na híomhánna





thíos le breathnú






# Seimineáir Ghréasáin


D'óstáil an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí sraith de sheimineáir roghnacha ó Mhárta 23 - 30 Aibreán chun tacú le múinteoirí ar fud churaclam na sraithe sóisearaí. Bhí dhá Sheimineár Ghréasáin ann gach tráthnóna. Tá taifeadtaí na Seimineár Gréasáin agus an t-ábhar a théann leo le fáil anseo.





***Tá áiteanna á gcur in áirithe ar ár gcuid IMEACHTAÍ FOGHLAMA AR LÍNE roghnacha atá le teacht, tá cuid acu lán cheana féin. Cláraigh anseo ionas nach gcaillfidh tú an deis.***

***Tá réimse leathan ceardlann ar fáil. Déanfar taifeadtaí a uaslódáil chuig www.jct.ie. go luath tar éis gach imeachta. Téigh go dtí leathanach 18 le haghaidh tuilleadh sonraí.***

# Podchraoltaí

Is podchraoladh é Cainteanna sa tSraith Shóisearach a dhéanann iniúchadh ar shaincheisteanna, téamaí agus ábhair éagsúla a d'fhéadfadh a bheith ina ndíol spéise do gach múinteoir, scoláire, tuismitheoir agus ceannaire scoile.

Is féidir gach Podchraoladh don tSraith Shóisearach a fháil anseo.




Is Ollamh Cúnta í Aoibhinn i Scoil Matamaitice & Staitisticí UCD áit a bhfuil sí ina stiúrthóir ar chláir BSc na hEolaíochta, na Matamaitice agus an Oideachais. Ina cuid taighde déanann sí imscrúdú ar shaincheisteanna san Oideachas Matamaitice, le béim ar leith ar oiliúint múinteoirí agus ar an eolas a fhorbairt a bhíonn ag múinteoirí ar ábhar oideolaíoch.

POW! Tionscadal Punann Scríbhneoireachta a tharla sa bhliain acadúil 2019-2020, agus as ar foilsíodh Breithnithe agus Ath-bhreithnithe: Bailiúchán de Scríbhneoireacht Nua le Múinteoirí na Sraithe Sóisearaí. Is sampla é seo de mhórán Podchraoltaí ina bpléann rannpháirtithe a dturas liteartha.









San eipeasóid Podchraolta seo, labhraíonn an dearthóir eispéireas úsáideoirí Aoife O'Dwyer linn faoina turas isteach sa tionscal dearaidh, a próiseas chun fadhbanna a réiteach agus réitigh

Roinneann file, úrscéalaí, drámadóir agus múinteoir, Elaine Feeney, a cur chuige linn chun cabhrú le scoláirí a gcuid scileanna scríbhneoireachta a fhorbairt agus an tábhacht a bhaineann le haiseo-las agus spreagadh.




Labhraíonn an Cathaoirleach ar Chual-lacht Deileadóirí Adhmaid na hÉireann, Willie Creighton, faoina shaol agus a bheatha, a phaisean dá cheird agus an áit a bhfaigheann sé a inspioráid.



# Na hEalaíona sa tSraith Shóisearach

I GCOMHPHÁIRTÍOCHT LE FOCAIL TRODA, CUIREANN SÉ ÁTHAS ORAINN IN EALAÍONA SA TSRAITH SHÓISEARACH A BHEITH AG FÓGAIRT: SEOLADH BREITHNITHE AGUS ATHBHREITHNITHE:

D'éirigh leis an bhfoireann Ealaíon sa tSraith Shóisearach tús an-mhaith a chur le mí Mheán Fómhair agus bhí siad gnóthach ag obair le comhpháirtithe chun eispéiris foghlaim ghairmiúil chruthaitheacha agus nuálacha a fhorbairt don spás ar líne. Tá ceardlanna Straitéisí Amharcsmaointeoireachta, ag dul ar aghaidh a forbraíodh i gcomhpháirtíocht leis an nGailearaí LAB, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, SFGM agus CNCM. Tá tionscnamh nua scríbhneoireachta seolta againn le Filíocht Éireann ar a dtugtar Stíl & Cuspóir: Do Ghuth a fhorbairt, agus tá tionscadail spreagúla eile ag teacht go luath le comhpháirtithe lena n-áirítear: Camara Ireland, Comhairle Deartha & Ceardaíochta na hÉireann agus Dearadh Dolmen.

Tá réimse deiseanna roghnacha ar líne ar siúl mar chuid dár gclár an Fhómhair, atá deartha le spás agus am a chur ar fáil do mhúinteoirí chun dul i ngleic le réimse leathan foirmeacha agus eispéiris ealaíne. Áirítear orthu sin:

**Féidearthachtaí a Fhiosrú:** spléachadh seimineár gréasáin ar ghearrchúrsa na Sraithe Sóisearaí i dTaibhiú Ealaíne: Ag Plé leis na hEalaíona – 19 Deireadh Fómhair

**Éist Anois Arís: Iniúchadh ar Sheamus Heaney** - 9 Samhain
I gcomhar le Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, déanann na rannpháirtithe iniúchadh ar an tábhacht a bhaineann le dréachtú agus eagarthóireacht a dhéanamh i bpróiseas scríbhneoireachta Heaney.

**Úrscéalta Grafacha agus Cartúin á nIniúchadh** - 18 Samhain Féach ar chumhacht na n-úrscéalta grafacha le cartúnaí agus úrscéalaí grafach Luke Healy


**Rap agus Buillí** - 30 Samhain Foghlaim na bunrudaí faoi liricí rap agus amhrán a chumadh agus cruthaigh buillí hip hop de do chuid féin le Garry McCarthy / GMC Beats.

**Spreag, Meall, Cruthaigh: Drámaíocht sa Seomra Ranga le Scaradh Fisiciúil** – 20 Deireadh Fómhair agus 1 Nollaig Arna forbairt i gcomhar le hAmharclann Óige Éireann, déanann an cheardlann seo iniúchadh ar straitéisí drámaíochta cruthaitheacha atá deartha chun cabhair agus spreagadh a thabhairt do mhúinteoirí níos mó muiníne agus scileanna a fhorbairt ina gcruthaitheacht féin sa seomra ranga ina mbíonn an scaradh fisiciúil.


**Lean mo Lorg** - 7 NollaigFiosraigh conas a chruthaítear éifeachtaí fuaime agus coiscéimeanna Foley le haghaidh scannán, teilifíse agus cluichí físeáin leis an ealaíontóir Foley, Caoimhe Doyle. Athraigh an dearcadh atá agat faoin scáileán mór!

**I gcomhpháirtíocht le Focail Troda**, cuireann sé áthas orainn in Ealaíona sa tSraith Shóisearach a bheith ag fógairt: seoladh Breithnithe agus Athbhreithnithe: Bailiúchán de Scríbhneoireacht Nua le múinteoirí na Sraithe Sóisearaí. Is é an bailiúchán seo an toradh ar POW! - Tionscadal Punann Scríbhneoireachta 2019-2020 a bhí ar siúl ó Shamhain 2019 go Meitheamh 2020. Ba chlár comhpháirtíochta é idir Focail Troda agus

Ealaíona sa tSraith Shóisearach, d'fhreastail na múinteoirí ar shraith de cheardlanna le Focail Troda chun an bailiúchán saothair seo a dhréachtú, a athdhréachtú, a chur in eagar agus a fhoilsiú. Tugann an clár cruthaitheach seo an t-am agus an spás do mhúinteoirí iniúchadh agus machnamh a dhéanamh ar na féidearthachtaí maidir le punanna a chruthú tríd na hábhair go léir sa tSraith Shóisearach




# Nuachtlitreacha




**Amharc ar nuacht / nuashonruithe ábhar ar www.jct.ie chun fanacht cothrom le dáta le forbairtí reatha, acmhainní agus uirlisí pleanála, a ndéantar nuashonrú orthu go léir ar bhonn rialta.**

## Tacaí Eolaíochta

Is físeán gearr é 'Scoláirí a athcheangal leis an bhFoghlaim' a fhiafraíonn conas is féidir linn cabhrú lenár scoláirí bogadh chun cinn ina gcuid foghlama. Cliceáil ar an íomhá thíos.




Is acmhainn nua é 'Ag obair mar Eolaí'. Féachann sé le cabhrú le scoláirí a bheith sábháilte agus obair phraiticiúil eolaíochta á déanamh acu, cibé áit a dtarlaíonn sé sin. Cliceáil anseo le haghaidh sonraí.

## Tacaí Eacnamaíocht Bhaile

D'oibrigh Foireann Eacnamaíocht Bhaile an SSM i gcomhar leis an gCoimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí (CCPC) chun Aonad Foghlama Idirghníomhach ar líne, Mise agus Mo Chuid Airgid a fhorbairt.

**Dátaí Críochnaithe MRB**

Is féidir teacht ar shocruithe athbhreithnithe an CNCM i leith an MRB a dhéanamh, lena n-áirítear príomhdhátaí don 2ú agus don 3ú Bliain araon, trí chliceáil ar an íomhá thíos.

Faightear na Socruithe Measúnaithe do Scrúduithe na Sraithe Sóisearaí agus na hArdteistiméireachta 2021 trí chliceáil ar an íomhá thíos.



NCCA


Revised arrangements for the completion of Classroom Based Assessments (CBAs) for the cohort of students 2018 – 2021 (students in 3rd Year in 2020/2021)
September 2020

Students experienced a disrupted period of learning in 2019/20 because of school closures introduced to curtail the COVID-19 pandemic. Despite the best efforts of teachers and schools to mitigate the effects of disrupted schooling, the learning experience of students varied. In this context, schools and this year's third year students could experience an unfair and disproportionate challenge in having Classroom-Based Assessments (CBAs) from the academic year 2019/20 along with the CBAs from the academic year 2020/21 to complete in this school year. The following assessment arrangements for CBAs will now apply:

- the requirement related to CBA completion for this cohort of students (third years) has been changed. In the exceptional circumstances arising from school closures, each student must complete only one CBA in each subject rather than the usual two in each subject and one CBA in each short course. This cohort of students will not be required to complete Assessment Tasks.
- the school management and its teachers, in discussion where feasible with students, will choose which CBA to complete for each subject. However, there will be some exceptions to this choice:
  - to ensure assessment of oral communications skills, students must complete **CBA 2: Communicative Task in Irish and CBA 1: Oral Communication in Modern Foreign Languages**
  - as they are linked in each case with the final examination in the subject, students studying **Visual Art, Home Economics, and Music must complete CBA 2**
- the design of the Junior Cycle Profile of Achievement (JCPA) for 2021 will be adjusted to take account of the revised arrangements for CBAs.

Whilst these specific arrangements for CBAs are a response to a specific challenge, they also aim to: encourage school autonomy and acknowledge teaching and learning decisions that were made at school level during school closures; reduce the number of CBAs schools need to schedule and complete in this school year; ensure, as far as possible, that CBAs completed by students in the

1




# Tacaí don Scoile Uile


Leanann an SSM ar aghaidh ag soláthar tacaíocht FGL don Scoil Uile faoi réir Chomhairle Sláinte Phoiblí agus ag tacú le riachtanais scoileanna de réir mar is cuí. Tá foireann na Scoile Uile ag dul i dteagmháil le scoileanna faoi láthair ag cabhrú leo ina gcuid riachtanas de réir mar is cuí agus ag cur síos ar thacaí FGL do na míonna atá amach romhainn. Is é atá i gceist sna tacaí reatha seo tacaí FGL roghnacha ar líne lena n-áirítear:

· Tacú le Foghlaim Scoláirí sa chlár Folláine le linn an ama ar leith seo.

· Tacú le Foghlaim Scoláirí trí phunanna digiteacha a úsáid.

· Tacú le Foghlaim Scoláirí: ' Ag Foghlaim conas Foghlaim'.

Trí na tacaí ar líne seo déanfar plé agus machnamh chun na príomhcheisteanna agus deiseanna reatha do scoileanna a fhiosrú agus iad ag pleanáil d'fhoghlaim na scoláirí. Leanfaimid orainn ag freagairt do riachtanais na scoileanna agus beidh tuilleadh tacaí roghnacha ar fáil sna seachtainí amach romhainn.





Rinne ár bhfoireann don scoil uile teagmháil dhíreach le 728 scoil nó chuir siad tacaíocht ar fáil dóibh le seachtainí beaga anuas.

Is mian linn buíochas a ghabháil leis na ceannairí scoile agus leis na múinteoirí sin go léir, go háirithe leo siúd a bhfuil na huaireanta acmhainní bainistíochta acu a bhí ag plé linn go dtí seo agus táimid ag súil le teagmháil a dhéanamh le gach scoil sna laethanta amach

# Straitéisí Teagaisc


Aithníonn an SSM an tábhacht a bhaineann le straitéisí teagaisc agus foghlama chun rannpháirtíocht scoláirí a ghníomhachtú agus iad mhealladh le tabhairt faoin bhfoghlaim. Tá sé thar a bheith dúshlánach, áfach, úsáid a bhaint as na straitéisí sin le linn na paindéime Reatha, Covid-19.

Tá athmhúnlú déanta ag Foireann SSM don Scoil Uile ar 24 de na straitéisí reatha teagaisc agus foghlama do scoláirí agus do mhúinteoirí sa seomra ranga le scaradh fisiciúil i bhfeidhm agus do scoláirí a bhíonn ag plé le foghlaim ar líne ón mbaile. Tá siad ar fáil le híoslódáil i bhformáid PDF. Cabhróidh sé sin le gach scoláire a gcuid foghlama a thabhairt chun cinn sna cúinsí neamhghnácha ina bhfuilimid i mbliana. Tugtar samplaí thíos agus tá liosta iomlán na straitéisí in-íoslódáilte ar fáil anseo.




**MRBnna do scoláirí an 3ú Bliain**


**Measúnuithe Rangbhunaithe, do scoláirí sa 3ú Bliain in 2020 / 2021 'roinnt rudaí le cur san áireamh', cliceáil ar an íomhá lena méadú.**




**Tac- aí**

**OSPS**

Tugtar léargas soiléir ar 5 phrionsabail Hobfoll, chomh maith le samplaí den chaoi ar féidir le múinteoirí braistint sábháilteachta, suaimhnis, nascachta, féin-éifeachtúlacht & éifeachtúlacht pobail, agus dóchas a chothú ina gcuid oibre le scoláirí, is féidir a fheiceáil sa seimineár gré-asáin seo a rinne CNCM / SSM a óstáil. Cliceáil ar an íomhá le hamharc.




# Ceannaireacht

> 'Is féidir le scoileanna, is cuma cén meán a úsáidtear iontu, a bheith ina moil freagartha agus aisghabhála, ina n-áit chun cabhrú le téarnamh mothúchánach agus muintearas sóisialta a chur chun cinn - agus tá sé sin chomh tábhachtach le haon éachtaí gnóthachtála'
>
> (John Hattie, 7 Aibreán 2020)

Leanann Foireann Cheannaireachta an SSM ar aghaidh ag tacú le ceannairí scoile i gcur i bhfeidhm na sraithe sóisearaí ina scoileanna agus táimid ag oiriúnú ár gcuid oibre agus ár dtacaí lena chinntiú go bhfuilimid ag freastal ar riachtanais cheannairí scoile ar an talamh le linn na ndalaí dúshlánacha agus neamhchinnte seo. I mí Mheán Fómhair agus i mí Deireadh Fómhair, d'óstáil an fhoireann cheannaireachta trí sheimineár ghréasáin a bhí dírithe go sonrach ar riachtanais láithreacha na gceannairí scoile.


Is féidir teacht ar gach taifeadadh de Sheimineáir Ghréasáin agus de na hacmhainní a ghabhann leo anseo. Is mian linn aitheantas a thabhairt don obair iontach a dhéanann ceannairí scoile i ngach iar-bhunscoil ar fud na tíre agus, ar ndóigh, gach múinteoir agus foireann choimhdeach i scoileanna a d'oibrigh chomh dian sin chun a chinntiú go bhfillfeadh scoláirí ar scoil agus gur féidir leo fanacht ar scoil in ainneoin na gcúinsí reatha.




### Ag machnamh ar ár n-eispéiris le linn do scoileanna a bheith dúnta agus tosaíochtaí foghlama a shocrú in 2020-21' - Plé le Ceannairí Scoile

Sa seimineár gréasáin seo rinneadh iniúchadh ar thaithí triúr ceannairí scoile, ceann amháin ó gach ceann de na hearnálacha scoile, le linn do na scoileanna a bheith dúnta. Tugadh léiriú ann conas a bhí gach duine de na ceannairí scoile ag cabhrú lena scoil agus scoláirí ag filleadh ar an bhfoghlaim agus ar an gcaoi a raibh tosaíochtaí á leagan síos acu don scoilbhliain atá romhainn. Rinneadh iniúchadh ar roinnt gníomhaíochtaí sonracha ceannaireachta chun foghlama do cheannairí scoile le linn an phlé seo, ag baint úsáid as an treoir ó Ag Filleadh ar scoil - Treoir maidir le foghlaim agus cláir scoile do cheannairí agus do mhúinteoirí iar-bhunscoile (ROS, Iúil 2020).


Téigh i dteagmháil leis an bhfoireann cheannaireachta, Fiona.obrien@jct.ie agus Helen.costello@jct.ie má theastaíonn tacaíocht uait le aon ghné den tSraith Shóisearach a




# Ceannaireacht


***Socruithe Measúnaithe le haghaidh na Sraithe Sóisearaí in 2020-21***


Sa seimineár gréasáin seo rinneadh iniúchadh ar impleachtaí ceannaireachta agus bainistíochta na socruithe measúnaithe athbhreithnithe don chohórt scoláirí in 2018-2021 i gcomhthéacs níos leithne na pleanála do MRBnna sa scoilbhliain seo. Ba iad na doiciméid treorach a úsáideadh na Socruithe Measúnuithe do scrúduithe na Sraithe Sóisearaí agus na hArdteistiméireachta 2021 (ROS, 2020) agus an Socrú measúnaithe athbhreithnithe chun measúnú rangbhunaithe a dhéanamh don chohórt scoláirí in 2018-2021, a d'fhoilsigh an CNCM.




I measc na nithe ar díríodh orthu sa seimineár gréasáin bhí na hathruithe ar scrúduithe an teastais shóisearaigh agus na sraithe sóisearaí do scoláirí sa 3ú bliain, nuair is iomchuí, agus coigeartuithe ar na riachtanais do scoláirí na 3ú bliana maidir lena measúnuithe rangbhunaithe. Phléigh muid freisin na breithnithe do cheannairí scoile i dtaca le MRBnna a phleanáil do lucht na dara bliana. Is iad an dara bliain reatha an chéad chohórt de scoláirí sa tsraith shóisearach a bhfuil measúnuithe rangbhunaithe acu ina gcuid ábhair uile sa tsraith shóisearach. Thug muid isteach cúig acmhainn nua freisin chun cabhrú le pleanáil agus sceidealú na measúnuithe rangbhunaithe do scoláirí an 2ú agus 3ú bliain araon.












**Forbhreathnú ar an FGL don dara hÁbhar Teagaisc**

Is doiciméad an-úsáideach é seo do cheannairí scoile atá ag pleanáil rannpháirtíocht a gcuid múinteoirí san FGL don dara hábhar teagaisc. Liostaítear sa doiciméad an méid seo a leanas don FGL i ngach ábhar sa tsraith shóisearach; cur síos ar a bhfuil ann, acmhainní le priontáil agus le híoslódáil chun dul i mbun an FGL, an tslí ina ndéantar í agus an t-am is gá chun tabhairt faoin FGL.



Tá go leor acmhainní agus teimpléid úsáideacha sa rannóg cheannaireachta de láithreán gréasáin www.jct.ie ar féidir iad a úsáid chun críocha pleanála agus plé. Chun fanacht ar an eolas faoi na forbairtí, is fiú go mór clárú linn ar twitter @JctLeadership le haghaidh nuashonruithe agus fógraí rialta.

# Ceannaireacht

Beidh an tríú seimineár gréasáin ar siúl Déardaoin 22ú Deireadh Fómhair dar teideal  Comhoibriú sa seomra ranga le Scaradh fisiciúil – breithnithe do cheannairí scoile




Scrúdaíonn an seimineár gréasáin seo conas is féidir le ceannairí scoile cabhrú le cuir chuige don scoil uile maidir le comhoibriú sa seomra ranga ina mbíonn scaradh fisiciúil ina scoil. Déanaimid machnamh ar ról na foghlama gníomhaí i bpróiseas déanamh céille na scoláirí agus ar an gcaoi a gcuireann a rannpháirtíocht san fhoghlaim leis an taitneamh a bhaineann siad as an rang agus lena mothú folláine. Is féidir le foghlaim ghníomhach agus comhoibriú a bheith ina smaointe dúshlánacha sa seomra ranga ina mbíonn scaradh fisiciúil agus sa seimineár gréasáin seo, féachaimid ar ac-

# Amharc-Ealaín

Comhdháil ATAI




Bhí an-áthas ar an bhfoireann Amharc-Ealaíne trí cheardlann bheo a chur i láthair ag Comhdháil ATAI – An Todhchaí a Mhúnlú le Chéile 2020. Thug sé seo an deis dúinn bualadh le múinteoirí Amharc-Ealaíne ar bhonn fíorúil agus gabhaimid buíochas le gach duine a bhí linn ar cheann den 12 sheisiún.




Ba é fócas na gceardlann forbhreathnú a thabhairt ar na príomhathruithe ar na Socruithe Measúnaithe do MRB 2 agus ar an Measúnú Deiridh san Amharc-Ealaín agus deis a thabhairt le haghaidh seisiún beo ceisteanna agus freagraí. Tá na hacmhainní go léir a úsáideadh sa cheardlann ar fáil sa rannóg Measúnú den rannán Amharc-Ealaín ar www.jct.ie


Is bealach an-úsáideach é ár Liosta Seachadta le fanacht ar an eolas faoin nuacht, na himeachtaí agus na fógraí is déanaí a bhíonn ann. Iarr ar do chomhghleacaithe a chinntiú go mbíonn siad cláraithe chun go dtiocfaidh nuacht #VisualArt SSM go díreach chuig a mbosca isteach. Cliceáil ar an íomhá chun clárú.

**Cruinniú lenár gComhlaigh cheannaireachta**

Ar an 1ú Fómhair thionóil muid cruinniú súmála ar líne lenár gcomhlaigh cheannaireachta. Bíonn na cruinnithe rialta seo le comhlaigh ríthábhachtach dúinn mar fhoireann chun cuidiú le bonn eolais a chur faoin dhearadh an FGL againn agus chun a chinntiú go dtugtar an fhreagairt is fearr do na riachtanais ar an talamh. Go raibh maith agaibh, arís eile, dár gcomhlaigh agus táimid ag súil go leanfaidh an rannpháirtíocht sin ar aghaidh.

***MRB 2 agus Measúnú deiridh do 2021 san Amharc-Ealaín***

Eisíodh an Treoir do Mheasúnú Rangbhunaithe 2 agus don Mheasúnú Deiridh stát-teistithe i gcomhair Amharc-Ealaín na Sraithe Sóisearaí 2021 agus eisíodh an Ciorclán S30/20 a ghabhann léi.  Cliceáil ar an íomhá thíos.





# Ag cabhrú leis an seomra ranga le scaradh fisiciúil

Tá na hacmhainní seo go léir ar fáil ar www.jct.ie.  Cliceáil ar an íomhá le méadú.





Cabhraíonn na físeáin ghearra seo le múinteoirí Eacnamaíocht Bhaile agus Nua-Theangacha agus iad ag pleanáil chun foghlaimeoirí atá ag filleadh ar an seomra ranga a spreagadh i mbun oibre.




















# L1L2LPs






Tacaí do chách maidir le Filleadh ar an Scoil, arna dtiomsú ag an bhFoireann CFL1anna / CFL2nna. Cliceáil ar an íomhá le hamharc.

Ag múineadh CFL2nna den chéad uair? Tabharfaidh an Seimineár Gréasáin seo forbhreathnú duit ar Chláir Foghlama Leibhéal 2.








Féach ar leagan amach nua i Rannóg Phleanála CFL1anna / CFL2nna ar ár láithreán gréasáin lena n-áirítear acmhainní feidhmithe, teimpléid phleanála, póstaeir in-íoslódáilte agus físghabhálacha scáileáin úsáideacha. Má tá aon cheist agat ar na CFL1anna / CFL2nna, bí i dteagmháil linn, le do thoil @ info@jct.ie

# Nuashonrú Gaeilge

**Teimpléad Pleanála Idirghníomhach agus Físghabháil scáileáin bunaithe air**

Tá fáil anois ar leagan digiteach den teimpléad pleanála T1 agus T2 chomh maith le físghabháil scáileáin bunaithe air. Léirítear inti an t-úsáid is fearr gur féidir a bhaint as an acmhainn áisiúil, chabhrach seo. Cuideoidh an teimpléad idirghníomhach go mór leat agus le comhghleacaithe aonaid a phleanáil go comhoibritheach. Is doiciméad beo é an teimpléad pleanála gur féidir a leasú agus cur leis de réir a chéile.




Is féidir cóip den teimpléad seo a íoslódáil ónár suíomh, Gaeilge SSM faoin rannán 'Pleanáil'.



Feidhmchláir Teagaisc agus Foghlama
Ceistneoirí / Tráthanna na gCeist

| Feidhmchlár | Cur Síos | Féidearthachtaí |
|---|---|---|
| Socrative www.socrative.com | Is féidir ceisteanna a chur, vótaí a chaitheamh srl. agus sonraí/freagraí a fheiceáil lena linn. | Measúnú foirmitheach Aiseolas láithreach Plé/díospóireacht Taitneamh agus iomaíocht |
| Mentimeter www.mentimeter.com | Leis an aip seo, is féidir vótaí agus ceistneoirí a chur i gcrích. | Measúnú foirmitheach Aiseolas láithreach Plé/díospóireacht Bailiú eolais |

**Acmhainní Gaeilge**

Tá sraith dar teideal 'Feidhmchláir Teagaisc agus Foghlama' ar fáil anois ar shuíomh na Gaeilge Faoin rannán 'Acmhainn' chun tacú le múinteoirí maidir le taifid, aiseolas, físghabhálacha scáileáin agus tuilleadh nach iad.

Seolfar Nuachtlitir an Fhómhair CFL1anna / CFL2nna chuig gach múinteoir ar ár liostaí poist go luath. Tá nuachtlitir ar leith cruthaithe againn do scoileanna speisialta an téarma seo. Cláraigh ar ár liosta seoltaí anseo chun fanacht ar an eolas faoinár nuacht agus ár n-imeachtaí go léir.




Chun tacú le comhráite le tuismitheoirí / caomhnóirí ar CFL2nna cliceáil ar na naisc thíos

Físeán & foirm thoilithe chun fianaise a bhailiú,

Póstaer ATFanna chun barúil a thabhairt ar a bhfuil i gceist leis an gclár:

Bileog Eolais do thuismitheoirí


Cur i láthair Eolais

Amharc ar an bhfísghabháil scáileáin seo thíos ar CFL2nna a chur i bhfeidhm sa Seomra Ranga Amharc-Ealaíne.



# JCt4- An tEolas is Déanaí

Ba mhaith linn gach rath a ghuí sa bhliain acadúil reatha ar na múinteoirí Teicneolaíochta go léir.   Tá ceithre sheimineár ghréasáin craolta ag foireann teicneolaíochtaí JCt4 le déanaí a dhírigh ar Mheasúnú Rangbhunaithe 1 i ngach ceann de na hábhair Theicneolaíochta. Tá béim ar leith sna seimineáir ghréasáin seo ar chuir chuige sa seomra ranga mar ullmhúchán do na MRBnna. Cliceáil anseo chun nascleanúint a dhéanamh chuig an áit chuí ar shuíomh gréasáin an SSM.


An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
Junior CYCLE for teachers

Excel Digital Planner Information

**This document is designed to outline some of the main pieces of information that will help with your first engagement with the Excel digital planner.**

**Note:** The excel digital planner can be used in several ways as many features are optional. The information below will outline the best use of the document.

**On opening the document:**

1. On opening the document select enable content to access full functionality of the document.
2. Fill in your information in the *Class Details Tab*. This information will self-generate throughout the document.

**When filling out units of learning:**

1. To assign a title to a unit of learning, double left-click on the sheet tab at the bottom of the screen or alternatively right-click once and select rename. This will automatically change the unit title at the top.
2. When filling out the masthead of the unit of learning you have several optional features. You can identify the year, teacher name, commencement date and duration. If you want this information to show up on the *Index tab* be sure to select *Yes* in the **"Include on Index Sheet"** option.
3. When filling in information to the different sections of the planner there are two commands which are extremely useful.

*Carriage return:*
This gives a new sentence line within a cell.
This is done by pressing the **alt + enter** keys on your keyboard.

*Adjusting row height:*
A detailed explanation of how to autofit row height can be found in the *instructions tab* of the excel planner. Sometimes manually adjusting the row height is the most straightforward way. This is done be going to the left of the sheet and placing the cursor in between the row header numbers as shown. When the cursor changes hold the left-click and adjust it manually.

www.jct.ie

## Imeachtaí Foghlama SSM ar líne

Mar chuid d'Imeachtaí Foghlama ar Líne an SSM, beidh ceardlanna atá sainiúil don ábhar á reáchtáil ag foireann JCt4 sa chéad seachtain de mhí na Samhna. Is féidir sonraí na n-imeachtaí a fheiceáil ar an bpóstaer ar leathanach 18. Faightear thíos teideal na ceardlainne agus an nasc a théann léi chun clárú do gach ábhar ar leith.


**Dé Luain 2ú Samhain**:   Teicneolaíocht Fheidhmeach:
**Teideal:**  *Scileanna Bainistíocht Tionscadail a Fhorbairt sa Teicneolaíocht Fheidhmeach*

**Dé Máirt 3ú Samhain:**  Innealtóireacht:
**Teideal:** *Ag Tacú le Meicitreonaic san Innealtóireacht*

**Dé Céadaoin 4ú Samhain:**   *Grafaic*

**Teideal:** *Iniúchadh ar an gCéimseata i Grafaic na Sraithe Sóisearaí ag úsáid na hacmhainne "Mo Thuras Geoiméadrachta"*

**Déardaoin 5ú Samhain:** *Teicneolaíocht Adhmaid:*
**Teideal:**  *Marquetry - ''Spléachadh tríd an bhfuinneog'*




Chun cabhrú le múinteoirí atá ag filleadh ar an seomra ranga tar éis dóibh a bheith ag plé le foghlaim ón mbaile, d'fhorbair foireann JCt4 acmhainn a d'fhéadfadh a bheith ina chuidiú ag múinteoirí chun na pointí tosaigh foghlama a aithint. Tógann an doiciméad ar Phríomhscileanna na Sraithe Sóisearaí - Mé féin a Bhainistiú, Eolas agus Smaointeoireacht a Bhainistiú agus Fanacht Folláin. Áirítear ar na doiciméid seo gníomhaíochtaí féideartha do scoláirí na chéad bhliana agus don dara bliain a d'fhéadfaí a úsáid chun torthaí foghlama a thabhairt chun beatha sa seomra ranga ar bhealach comhtháite.



# Imeachtaí Foghlama Ar

**Seachtain a hAon**
**19-22 Deireadh**




**Seachtain a Dó**
**2-5 Samhain**

| | | |
|---|---|---|
| Monday 19th October | GEOGRAPHY<br>Supporting Student Research | 5 - 6.15pm |
| Monday 19th October | ARTS IN JUNIOR CYCLE<br>Introduction to the NCCA Short Course on Artistic Performance | 6.30 - 7.15pm |
| Monday 19th October | STRATEGIES TO PROMOTE ACTIVE STUDENT ENGAGEMENT<br>Promoting active engagement in the physically distanced classroom and for students learning from home | 7.30- 8.15pm |
| Tuesday 20th October | BUSINESS STUDIES — Numbers are limited - book early!<br>"Open for Business" Discussion Forum: Chief Examiner's Report, NCCA Early Enactment Report, Subject Department Planning, and CBA1 | 5 - 6.15pm |
| Tuesday 20th October | VISUAL ART IN COLLABORATION WITH ARTS IN JUNIOR CYCLE<br>JCT Visual Art team in conversations with fine artist Blaise Smith and ceramist Tina Byrne | 6.30 - 7.15pm |
| Tuesday 20th October | PHYSICAL EDUCATION<br>Fostering resilience and supporting active engagement at this time | 7.30 - 8.15pm |
| Wednesday 21st October | MODERN FOREIGN LANGUAGE — Numbers are limited - book early!<br>Modern Foreign Languages Shop Talk: supporting student engagement in the physically distanced Junior Cycle MFL classroom | 5 - 6.15pm |
| Wednesday 21st October | GAEILGE<br>An Phunann: Fás, Forás agus Forbairt tríd an bPunann Teanga | 6.30 - 7.15pm |
| Wednesday 21st October | HISTORY — Numbers are limited - book early!<br>Commemorating Bloody Sunday in the Junior Cycle History classroom | 7.30 - 8.15pm |
| Thursday 22nd October | LEADERSHIP<br>Collaboration in the physically distanced classroom - Considerations for School Leaders | 5 - 6.15pm |
| Thursday 22nd October | STUDENT VOICE<br>Experiencing Student Voice in our Schools - theory and practice | 6.30 - 7.15pm |
| Thursday 22nd October | L1LPS/L2LPS<br>Engaging with the L1LPs/L2LPs Outside of the Classroom | 7.30 - 8.15pm |

| | | |
|---|---|---|
| Monday 2nd November | APPLIED TECHNOLOGY<br>Developing Project Management Skills in Applied Technology | 5 - 6.15 pm |
| Monday 2nd November | RE & ENGLISH<br>'Between Land and Sea' - a cross-curricular webinar for teachers of Junior Cycle RE and English | 6.30 - 7.15pm |
| Monday 2nd November | MUSIC<br>Engaging with Learning Inside and Outside the Classroom | 7.30 - 8.15pm |
| Tuesday 3rd November | ENGINEERING<br>Supporting Mechatronics in Engineering | 5 - 6.15pm |
| Tuesday 3rd November | MATHEMATICS<br>Task Selection and Problem-Solving in Mathematics | 6.30 - 7.15pm |
| Tuesday 3rd November | SCIENCE — Numbers are limited - book early!<br>Enabling Junior Cycle Science Learning in Pandemic Classrooms | 7.30 - 8.15pm |
| Wednesday 4rd November | GRAPHICS — Numbers are limited - book early!<br>Exploring geometry in Junior Cycle Graphics using 'My Geometry Journey' resource | 5 - 6.15pm |
| Wednesday 4th November | HOME ECONOMICS<br>Planning for Learning using Learning Outcomes | 7.30 - 8.15pm |
| Thursday 5th November | WOOD TECHNOLOGY<br>Marquetry - 'A look through the window' | 5 - 6.15pm |
| Thursday 5th November | PHILOSOPHY — Numbers are limited - book early!<br>Philosophical Enquiry and the Critically Engaged Classroom | 6.30 - 7.15pm |
| Thursday 5th November | GUIDANCE IN WELLBEING<br>Resources for Guidance Counsellors to plan, develop and support a four-week unit of learning | 7.30 - 8.15pm |


Chun clárú téigh go dtí www.jct.ie



juniorCYCLE

# Ag fanacht i dteagmháil

In éagmais forbairt ghairmiúil leanúnach duine le duine (FGL) faoi láthair, táimid ag forbairt bealaí níos fearr chun cumarsáid a dhéanamh agus chun comhoibriú.  Le cinntiú go bhfanfaidh tú ar an eolas faoi fhorbairtí agus acmhainní nua, agus mura bhfuil sé sin déanta cheana féin, cláraigh le ceann amháin nó níos mó de liostaí ríomhphoist na n-ábhar againn. Cliceáil ar an íomhá thíos le tosú.






Déanaimid ár ndícheall cabhrú le múinteoirí le linn na tréimhse dúshlánaí seo trínár n-acmhainní a thabhairt cothrom le dáta go leanúnach agus trí dhúshlán a thabhairt dúinn féin freastal ar riachtanais na múinteoirí agus na gceannairí scoile. Tá ár n-acmhainní ar líne furasta a aimsiú ar www.jct.ie.  Bíonn fáilte i gcónaí roimh aon mholtaí de do chuid, seol ríomhphost chugainn ag info@jct.ie

Junior Cycle for Teachers (JCT) Support Service

Administrative Office:
Monaghan Ed. Centre | Armagh Road | Monaghan
Tel.: 047 74008

Director's Office:
LMETB | Chapel Street | Dundalk
Tel.: 042 9364603